**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2025)0263

## Caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 13 Samhain 2025 ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (COM(2025)0173 – C10-0074/2025 – 2025/0090(COD))**[1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0205/2025).

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(3a) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar phrionsabail agus ar chuir chuige Airteagal 7 de Chomhaontú BBNJ.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (7) ***Mar pháirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do spriocanna agus do chuspóirí Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach, a glacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht an 7-19 Nollaig 2022, agus an fhís straitéiseach fhadtéarmach a bhaint amach freisin, is é sin go ndéanfar, faoi 2050, an bhithéagsúlacht a luacháil, a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go stuama, seirbhísí éiceachórais a chothabháil, pláinéad sláintiúil a chothú agus tairbhí a sholáthar atá ríthábhachtach do gach duine.*** I straitéis bhithéagsúlachta an | (7) I Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, atá i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for **2030**: Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí ***2030***: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], leagtar amach cuspóirí iomadúla, lena n-áirítear an aidhm dea-stádas comhshaoil na n-éiceachóras muirí a athbhunú ***agus éascú a dhéanamh ar chomhaontú uaillmhianach atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le bithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a thabhairt i gcrích***. |

Aontais Eorpaigh go dtí 2030, sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal ‘EU Biodiversity Strategy for ***2023*** Bringing nature back into our lives’, [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí ***2023*** An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], leagtar amach cuspóirí iolracha, lena n-áirítear an aidhm dea-stádas comhshaoil na n-éiceachóras muirí a athchóiriú.

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(7a) Mar pháirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do spriocanna agus do chuspóirí Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a ghnóthú, a glacadh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht an 7-19 Nollaig 2022, lena n-áirítear an cuspóir, go mbeidh, faoi 2030, 30 % ar a laghad d’aigéin an domhain rialaithe ag córais limistéar faoi chosaint agus ag bearta caomhnaithe éifeachtacha limistéarbhunaithe eile, in éineacht leis an bhfís straitéiseach fhadtéarmach go mbeidh, faoi 2050, an bhithéagsúlacht le luacháil, le caomhnú, le hathbhunú agus le húsáid go stuama, lena ndéanfar seirbhísí*** |

***éiceachórais a chothabháil, pláinéad sláintiúil a chothú agus tairbhí atá ríthábhachtach do gach uile dhuine a sholáthar.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) Tá na Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, i gcomhréir le misean 2030 i leith fhís straitéiseach 2050 a ghnóthú, le gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7c) Ba cheart an Treoir seo a chur chun feidhme ar bhealach nach ndéantar an bonn a bhaint ó ionstraimí ábhartha dlí, ó chreataí ábhartha dlíthiúla ná ó chomhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus a dhéanann comhleanúnachas agus comhordú leis na hionstraimí, na creataí agus na comhlachtaí sin a chur chun cinn.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 7 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(7d) Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit, dá bhrí sin, cur chuige comhordaithe comhchoiteann agus sásraí comhordaithe comhchoiteanna a fhorbairt chun comhleanúnachas a áirithiú leis an obair a dhéantar laistigh de na hionstraimí, de na creata agus de na comhlachtaí sin amhail in Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh (ERBInna) mar na comhlachtaí idirnáisiúnta inniúla chun acmhainní iascaigh i limistéir atá lasmuigh den dlínse náisiúnta a chaomhnú agus a bhainistiú nó Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha, lena n-áirítear bearta chun tacú le cur chun feidhme na gcinntí agus na moltaí arna ndéanamh ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ a chur chun cinn.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 7 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(7e) Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Meitheamh*** |

***2025 dar teideal: An Comhshocrú Eorpach um an Aigéan, leagtar amach gníomhaíochtaí chun daingniú tapa, trasuí i ndlí an Aontais, agus cur chun feidhme Chomhaontú BBNJ agus rialachas inbhuanaithe na Mórmhara a áirithiú. Beartaítear leis freisin go dtacóidh an tAontas le cur chun feidhme chomhaontú BBNJ i dtíortha i mbéal forbartha tríd an ranníocaíocht EUR 40 milliún le Clár um an Aigéan Domhanda.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 7 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7f) Leis an dearbhú ón gComhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine um Bithéagsúlacht Lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (BBNJ HAC) an 28 Bealtaine 2025, arna thionscnamh ag an gCoimisiún agus lena dtugtar le chéile thart ar 40 tír, léirítear uaillmhian an Aontais maidir le rialachas agus cosaint dhomhanda na n-aigéan. I gcomhréir leis an bhfís sin, arna comhlánú le taidhleoireacht maidir leis na haigéin, ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit atá toilteanach ceanncheathrú na rúnaíochta idirnáisiúnta a shainmhínítear in Airteagal 50 de Chomhaontú BBNJ a óstáil*** |

***agus a cómhaoiniú a áirithiú. Is den tábhacht é freisin don Aontas, mar chuid dá thaidhleoireacht maidir leis na haigéin, tríú tíortha a spreagadh chun Comhaontú BBNJ a dhaingniú agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad foráil an Chomhaontaithe sin chun cothrom iomaíochta a áirithiú.***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7g) Le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], bunaítear creat chun go sainaithneofar agus chun go nglacfar bearta maidir le tríú tíortha a mhainníonn comhoibriú agus a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a dhéanamh ar stoc éisc leasa choitinn an Aontais. Leis an Rialachán sin, a leasaíodh le déanaí, is féidir leis an Aontas tríú tír a shainaithint mar thríú tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe más rud é, i measc nithe eile, go mainníonn sí comhoibriú chun stoc éisc leasa choitinn a bhainistiú, i gcomhréir iomlán le forálacha UNCLOS agus Chomhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc (UNFSA), nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile, amhail Comhaontú BBNJ, nó*** |

***riail den dlí idirnáisiúnta, agus má mhainníonn sí na bearta bainistíochta iascaigh is gá a ghlacadh. Ina leith sin, ba cheart don Treoir seo oibriú i gcomhar le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012, go háirithe i ndáil le comhar idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a bhunú faoi chuimsiú ERBInna nó, i gcás nach bhfuil aon inniúlacht acu sin maidir leis an stoc atá i gceist, trí shocruithe ad hoc i measc na dtíortha a bhfuil leas acu sna hiascaigh ábhartha.***

**_____**

***[1a] Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (IO L 316, 14.11.2012, lch. 34).***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Is gá, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chomhaontú BBNJ, comhroinnt chothrom chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as gníomhaíochtaí i dtaca le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha a bhaineann le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chothú ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe | (10) Is den riachtanas é ***don Aontas agus do na Ballstáit***, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chomhaontú BBNJ ***agus lena chuspóirí***, comhroinnt chothrom chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as gníomhaíochtaí maidir le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha maidir le hacmhainní géiniteacha muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a |

| | |
|---|---|
| na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. | chothú ar mhaithe le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta***, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí airgeadais, aistriú teicneolaíochta muirí, nó fothú acmhainneachta i gcomhair tíortha i mbéal forbartha***. |
| **Leasú 11** | |
| **Togra le haghaidh Treorach**<br>**Aithris 14** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| (14) Le Comhaontú BBNJ, ceadaítear uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, agus limistéir mhuirí faoi chosaint san áireamh, i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. Ba cheart bearta arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chomhaontú BBNJ a chur chun feidhme agus, ***más gá***, a thrasuí i reachtaíocht ***an Aontais***. Go dtí go ndéanfar trasuí, ***níor cheart do na Ballstáit an bonn a bhaint*** d'éifeachtacht na mbeart ***a glacadh. Is gá na nósanna imeachta is gá a leagan síos*** chun comhordú a áirithiú ***i measc*** na mBallstát agus an Choimisiúin sula gcuirfear aon togra chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe ***a bhunú*** nó togra le haghaidh beart éigeandála ***faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ***. | (14) Le Comhaontú BBNJ, ceadaítear uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, agus limistéir mhuirí faoi chosaint san áireamh, i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta. Ba cheart bearta arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chomhaontú BBNJ a chur chun feidhme agus, ***i gcás inarb ábhartha***, a thrasuí i reachtaíocht ***an Aontais***. Ar feitheamh a dtrasuite, ***níor cheart an bonn a bhaint ó*** éifeachtacht na mbeart ***arna nglacadh***. ***Chun*** comhordú ***ar leibhéal an Aontais*** a áirithiú***, ba cheart nósanna imeachta le haghaidh comhar idir*** na Ballstáit agus an Coimisiún a chur i bhfeidhm sula ndéanfar aon togra maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe ***a bhunú*** nó togra le haghaidh beart éigeandála a chur faoi bhráid ***Rúnaíocht BBNJ***. |

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh Treorach Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (15) ***Faoin Treoir seo, i gcás aon*** togra chun uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú nó ***aon*** togra le haghaidh beart éigeandála faoi Airteagail 19 agus 24(3) de Chomhaontú BBNJ, ***ba cheart don Choimisiún réamh-mheasúnú dlíthiúil a dhéanamh. Mar chuid den mheasúnú sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann don Aontas togra den sórt sin a chur faoi bhráid*** Rúnaíocht BBNJ. | (15) ***Mar chuid de na nósanna imeachta seanbhunaithe, ba cheart don Choimisiún measúnú dlíthiúil a dhéanamh lenar cheart a áireamh ann measúnú ar an ngá atá leis*** an togra uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú nó atá leis ***an*** togra le haghaidh beart éigeandála faoi Airteagail 19 agus 24(3) de Chomhaontú BBNJ ***a chur faoi bhráid*** Rúnaíocht BBNJ ***thar ceann an Aontais nó thar ceann an Aontais agus a Bhallstát nó i dtaobh an bhféadfaidh Ballstát nó grúpa Ballstát a rinne dréacht-togra an togra a chur faoi bhráid na Rúnaíochta ina gcáil féin***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(15a)Chun gníomhú gan moill neamhriachtanach agus ós rud é gur féidir beart éigeandála a ghlacadh go hidirsheisiúnach, ós rud é go n-éilíonn sé mearfhreagairt chun díobháil thromchúiseach nó dhochúlaithe do bhithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a chosc nó a mhaolú, ba cheart do na Ballstáit a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bheith ábalta tograí le haghaidh beart éigeandála a chur faoi bhráid na Rúnaíochta go díreach.*** |
| **Leasú 14**<br><br>**Togra le haghaidh Treorach Aithris 15 b (nua)** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| | ***(15b) Tá tábhacht shuntasach eacnamaíoch agus shóisialta ag baint leis an mórmhuir don Aontas agus dá gheilleagar muirí ina iomláine, go háirithe d'iascaigh, slándáil bia, táirgeadh fuinnimh, eolaíocht agus trádáil idirnáisiúnta an Aontais. Leis an Treoir seo, lena n-áirítear forálacha maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a bhunú, ba cheart cur chun feidhme comhsheasmhach dhlí an Aontais agus cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais, agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit á íoslaghdú ag an am céanna.*** |
| **Leasú 15**<br><br>**Togra le haghaidh Treorach Aithris 17** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| (17) Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le rochtain ar fhaisnéis, | (17) Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le rochtain ar fhaisnéis, |

rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, a síníodh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998 agus a daingníodh an 17 Feabhra 2005. Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le measúnú tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, a síníodh in Espoo an 25 Feabhra 1991 agus a daingníodh an 24 Meitheamh 1997. Ba cheart go leanfadh na hoibleagáidí faoi na Coinbhinsiúin sin de bheith infheidhme sna limistéir a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Is é is aidhm do Choinbhinsiún Espoo an comhar idirnáisiúnta a fheabhsú agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol go háirithe i gcomhthéacs trasteorann. Áirítear ar chuspóirí Choinbhinsiún Aarhus cearta rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil a ráthú chun rannchuidiú le cosaint an chirt chun cónaí i dtimpeallacht atá leormhaith le haghaidh shláinte agus fholláine an duine. Laistigh de raon feidhme na Treorach seo, ba cheart cearta rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht i gcúrsaí comhshaoil a fheidhmiú de réir na bprionsabal céanna a leagtar síos faoi Choinbhinsiún Aarhus.

rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, a síníodh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998 agus a daingníodh an 17 Feabhra 2005. Is páirtí é an tAontas i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le measúnú tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, a síníodh in Espoo an 25 Feabhra 1991 agus a daingníodh an 24 Meitheamh 1997. Ba cheart go leanfadh na hoibleagáidí faoi na Coinbhinsiúin sin de bheith infheidhme sna limistéir a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo. Is é is aidhm do Choinbhinsiún Espoo an comhar idirnáisiúnta a fheabhsú agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol go háirithe i gcomhthéacs trasteorann. Áirítear ar chuspóirí Choinbhinsiún Aarhus an ***ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis, na*** cearta rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht ***agus rochtain ar an gceartas*** i gcúrsaí comhshaoil a ráthú chun rannchuidiú leis an gcosaint ar an gceart chun cónaí i dtimpeallacht atá leormhaith le haghaidh shláinte agus fholláine an duine. Laistigh de raon feidhme na Treorach seo, ba cheart na cearta ***chun rochtain a fháil ar fhaisnéis,*** cearta rannpháirtíochta poiblí i gcinnteoireacht ***agus rochtain ar an gceartas*** i gcúrsaí comhshaoil a fheidhmiú de réir na bprionsabal céanna a leagtar síos faoi Choinbhinsiún Aarhus.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (18) Cé gurb é cuspóir na Treorach seo foráil a dhéanamh maidir le creat dlíthiúil lena rialaítear gníomhaíochtaí a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, ba cheart aon ghníomhaíocht atá le déanamh i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta ar dócha ***go mbeidh éifeachtaí*** suntasacha aici ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a bheith faoi réir measúnú i gcomhréir le Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], dlí ábhartha eile de chuid ***an Aontais*** ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí beartaithe[9] agus dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear reachtaíocht ***an Aontais***. I gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Chomhaontú BBNJ, ***san Aontas***, ba cheart measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin a dhéantar i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta faoi rialacha bunaithe ***an Aontais***. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí faoi Chomhaontú BBNJ. | (18) Cé gurb é cuspóir na Treorach seo foráil a dhéanamh maidir le creat dlíthiúil lena rialaítear gníomhaíochtaí a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, aon ghníomhaíocht atá le déanamh i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta ar dócha go mbeidh siad ***ina gcúis le truailliú substaintiúil nó le hathruithe díobhálacha*** suntasacha ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, ba cheart iad a bheith faoi réir measúnú i gcomhréir le ***dlí an Aontais atá cheana ann, amhail*** Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], le dlí ábhartha eile de chuid ***an Aontais*** ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí beartaithe[9] agus le dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear reachtaíocht ***an Aontais***. I gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Chomhaontú BBNJ, san ***Aontas***, ba cheart measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin a dhéantar i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta faoi rialacha seanbhunaithe an ***Aontais***. Sna cásanna sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad na hoibleagáidí faoi Chomhaontú BBNJ. |
| _____ | _____ |

[8] IO L 26, 28.1.2012, lch. 1–21.

[9] Amhail Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle, Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020, Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724

[8] IO L 26, 28.1.2012, lch. 1–21.

[9] Amhail Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle, Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020, Rialachán (AE) 2024/1735 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***Ós rud é*** go soláthraíonn ionstraimí nó creataí eile dlí is infheidhme nó comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála creat chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó rialú náisiúnta a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, | (19) ***I gcás ina*** bhforáiltear le hionstraimí nó creataí eile dlí is infheidhme nó ina soláthraíonn comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála creat chun measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó rialú náisiúnta a dhéantar i limistéir lasmuigh den |

níor cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit scagadh ná measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo ***faoi*** na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ. Sna cásanna sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go bhfoilseofar an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ.

dlínse náisiúnta, níor cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit scagadh ná measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh i gcomhréir leis an Treoir seo***, ar choinníoll go gcinnfidh na Ballstáit a bhfuil dlínse nó rialú acu ar an ngníomhaíocht bheartaithe go gcomhlíonfar*** na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ. Sna cásanna sin, ba cheart don Bhallstát lena mbaineann a áirithiú go bhfoilseofar an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(19a)Ní bheidh feidhm ag an Treoir seo maidir le haon long chogaidh, aerárthach míleata ná long chúntach chabhlaigh. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, trí bhearta iomchuí a ghlacadh, ar bearta iad nach gcuirfidh srian ar oibríochtaí ná ar acmhainneacht oibríochtúil na soitheach ná na n-aerárthach sin atá faoi úinéireacht nó á n-oibriú acu, go ngníomhóidh na soithí nó na haerárthaí sin ar bhealach atá comhsheasmhach leis an Treoir seo, a mhéid is réasúnta agus is indéanta.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Aon phlean nó clár arna ullmhú nó arna ghlacadh ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla na mBallstát ar dócha ***go mbeidh éifeachtaí*** suntasacha aige ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, ba cheart é a bheith faoi réir measúnú i gcomhréir le Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus faoi réir dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin. | (20) Aon phlean nó clár arna n-ullmhú nó arna nglacadh ag údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla na mBallstát ar dócha go mbeidh siad ***ina gcúis le truailliú substaintiúil nó le hathruithe*** suntasacha ***agus díobhálacha*** ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, ba cheart iad a bheith faoi réir measúnú i gcomhréir le Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus faoi réir dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir sin. |
| [10] IO L 197, 21.7.2001, lgh. 30–37 | [10] IO L 197, 21.7.2001, lgh. 30–37 |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a)Le Treoir 2001/42/CE leagtar síos caighdeáin measúnúcháin comhshaoil agus ráthaíochtaí nós imeachta atá comhsheasmhach le hoibleagáidí Chomhaontú BBNJ agus nach mbaineann an bonn díobh. Le cur i bhfeidhm Threoir 2001/42/CE[1a] laistigh de limistéir atá faoi dhlínse nó rialú na mBallstát, rannchuidítear go díreach leis*** |

| | |
|---|---|
| | ***na ceanglais measúnúcháin straitéiseacha comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 39 de Chomhaontú BBNJ a chomhlíonadh.*** |
| | **_____** |
| | ***[1a] Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú (IO L 197, 21.7.2001, lch. 30)*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Agus an dóchúlacht go mbeidh ***éifeachtaí*** suntasacha ag gníomhaíochtaí beartaithe á cinneadh, ba cheart do na Ballstáit suntasacht nó tábhacht fhéideartha na n-éifeachtaí a chur san áireamh. Ba cheart dóibh na critéir a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE a chur san áireamh freisin agus an cinntiúchán sin á dhéanamh acu. | (21) Agus an dóchúlacht go mbeidh gníomhaíochtaí beartaithe ***ina gcúis le truaillliú substaintiúil nó le hathruithe*** suntasacha ***agus díobhálacha ar an muirthimpeallacht*** á cinneadh, ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit i gcuntas a shuntasaí nó a thábhachtaí agus is féidir leis na héifeachtaí ***sin*** a bheith. Ba cheart dóibh na critéir a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE a chur i gcuntas freisin agus an cinntiúchán sin á dhéanamh acu. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***Leagtar amach sa Treoir seo na rialacha is infheidhme maidir le hacmhainní géiniteacha muirí agus faisnéis faoi sheichimh dhigiteacha, measúnuithe comhshaoil ar ghníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát, chomh maith le bunú agus cur chun feidhme uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe agus beart éigeandála, i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (i) ciallaíonn ‘gníomhaíocht bheartaithe’ gníomhaíocht ***a bhaineann le*** hoibreacha foirgníochta, suiteálacha, scéimeanna nó idirghabhálacha eile ***sa mhuirthimpeallacht*** a fhorghníomhú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tráthrialta atá dírithe ar acmhainní nádúrtha a úsáid; | (i) ciallaíonn ‘gníomhaíocht bheartaithe’ gníomhaíocht ***sa mhuirthimpeallacht, a bhfuil, inter alia,*** oibreacha foirgníochta, suiteálacha, scéimeanna nó idirghabhálacha eile a fhorghníomhú ***ar áireamh inti***, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tráthrialta atá dírithe ar acmhainní nádúrtha a úsáid; |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí faoi dhlínse nó faoi rialú’ gníomhaíochtaí a dhéanann ***eintitis*** phoiblí agus phríobháideacha araon, ar féidir leis an mBallstát, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a inniúlacht nó a údarás a fheidhmiú ina leith; | (j) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí faoi dhlínse nó faoi rialú’ gníomhaíochtaí a dhéanann ***daoine dlítheanacha,*** daoine dlítheanacha poiblí agus príobháideacha araon ***agus daoine nádúrtha*** ar ar féidir leis an mBallstát, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, a inniúlacht nó a údarás a fheidhmiú ina leith; |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe n**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (n) ciallaíonn ‘pobal’ an pobal lena mbaineann chomh maith le ***pobail dhúchasacha*** agus áitiúla a bhfuil eolas ábhartha traidisiúnta acu agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus an pobal eolaíochta; | (n) ciallaíonn ‘pobal’ an pobal lena mbaineann chomh maith le ***Pobail Dhúchasacha*** agus áitiúla a bhfuil eolas ábhartha traidisiúnta acu agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála agus an pobal eolaíochta; |

*(Tá feidhm ag caipitliú na bPobal Dúchasach ar fud an téacs i ngach teanga.)*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe s**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (s) ciallaíonn ‘mionéifeachtaí nó éifeachtaí neamhbhuan’ éifeachtaí nach ***bhfuil tionchar*** díobhálach suntasach acu ar an | (s) ciallaíonn ‘mionéifeachtaí nó éifeachtaí neamhbhuana’ éifeachtaí nach bhfuil ina ***gcúis le truailliú substaintiúil ná le hathruithe*** suntasacha ***agus*** |

| | |
|---|---|
| muirthimpeallacht. | díobhálacha ***ar*** an muirthimpeallacht. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1. Tá feidhm ag an Treoir seo maidir le gníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 4 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) iascaireacht a rialaítear faoin ***dlí*** idirnáisiúnta is infheidhme agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht; agus | (a) iascaireacht a rialaítear faoin dlí idirnáisiúnta ***agus*** faoi ***dhlí an Aontais*** is infheidhme, ***amhail an comhbheartas iascaigh*** agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht; agus |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ullmhófar le stórais, a mhéid is indéanta, agus le bunachair sonraí faoina ndlínse, tuarascáil chomhiomlán, ar bhonn | 6. Áiritheoidh na Ballstáit go n-ullmhófar le stórais, a mhéid is indéanta, agus le bunachair sonraí faoina ndlínse, tuarascáil chomhiomlán, ar bhonn |

débhliantúil, maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha muirí agus ar fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha atá nasctha lena n-aitheantóir baisce caighdeánaithe BBNJ, agus go gcuirfidh siad an tuarascáil ar fáil don choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí a cuireadh ar bun faoi Airteagal 15 de Chomhaontú BBNJ.

débhliantúil, maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha muirí agus ar fhaisnéis faoi sheichimh dhigiteacha atá nasctha lena n-aitheantóir baisce caighdeánaithe BBNJ, agus go gcuirfidh siad an tuarascáil ar fáil don choiste um rochtain agus comhroinnt tairbhí a chuirtear ar bun faoi Airteagal 15 de Chomhaontú BBNJ. ***I gcás inarb ábhartha, úsáidfidh siad córais bailithe agus tuairiscithe sonraí an Aontais atá ann cheana le haghaidh fógraí agus taiscí BBNJ.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir leis na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag na gníomhaíochtaí beartaithe faoina ndlínse nó faoina rialú ar an muirthimpeallacht a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na tionchair sin faoi réir measúnú sula soláthróidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla cinneadh lena n-údarófar iad (toiliú le forbairt) i gcomhréir leis an Treoir seo. | 1. Maidir leis na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag na gníomhaíochtaí beartaithe faoina ndlínse nó faoina rialú ar an muirthimpeallacht a dhéantar i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na tionchair sin faoi réir measúnú sula soláthróidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla cinneadh lena n-údarófar iad (toiliú don fhorbairt) i gcomhréir leis an Treoir seo. ***Arna iarraidh sin do Bhallstát, soláthróidh an Coimisiún cúnamh teicniúil ina leith sin.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a ndearnadh scagadh nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith i gcomhréir le ceanglais ionstraimí nó creataí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile nó ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála. I gcás gníomhaíochtaí a ndearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith, i gcomhréir le ceanglais ionstraimí nó creataí dlíthiúla ***ábhartha*** eile nó arna ndéanamh ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na coinníollacha faoi Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ. ***I gcásanna den sórt sin, áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann*** go bhfoilseofar an tuarascáil faoin measúnú tionchair ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ ***agus*** go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht.

*Leasú*

6. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí beartaithe faoi dhlínse nó faoi rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta a ndearnadh scagadh nó measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith, i gcomhréir le ceanglais ionstraimí nó creataí dlí idirnáisiúnta ábhartha eile, nó ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála. I gcás na ngníomhaíochtaí ***sin*** a ndearnadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol ina leith, i gcomhréir le ceanglais ionstraimí nó creataí dlíthiúla ***idirnáisiúnta*** eile***, dlí an Aontais*** nó arna ndéanamh ag comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha nó earnála, áiritheoidh na Ballstáit ***lena mbaineann*** an méid seo a leanas***:***

***(a)*** go gcomhlíontar na coinníollacha faoi Airteagal 29(4) de Chomhaontú BBNJ.

***(b)*** go bhfoilsítear an tuarascáil ar an measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol trí Theach Imréitigh BBNJ, agus

***(c)*** go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht ***a ndearnadh an measúnú tionchair ar an gcomhshaol ina leith***.

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 8 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I gcás gníomhaíochtaí pleanáilte faoi dhlínse nó rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta agus ar dócha go ***mbeidh éifeachtaí*** suntasacha acu ***ar*** an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit Treoir 2011/92/AE agus dlí ábhartha eile de chuid an Aontais, ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí pleanáilte, a chur i bhfeidhm. I gcás na ngníomhaíochtaí sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ábhartha ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ go tráthúil, le linn an phróisis faoi Threoir 2011/92/AE agus faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí beartaithe agus áiritheoidh siad go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le ceanglais na Treorach sin agus na reachtaíochta náisiúnta. | 7. I gcás gníomhaíochtaí pleanáilte faoi dhlínse nó rialú na mBallstát a tharlaíonn i limistéir laistigh den dlínse náisiúnta agus ar dócha ***go mbeidh siad ina gcúis le truailliú substaintiúil ar*** an muirthimpeallacht ***nó le hathruithe suntasacha díobhálacha ar*** an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, cuirfidh na Ballstáit Treoir 2011/92/AE agus dlí ábhartha eile de chuid an Aontais i bhfeidhm ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnuithe comhshaoil le haghaidh gníomhaíochtaí pleanáilte. I gcás na ngníomhaíochtaí sin, cuirfidh na Ballstáit faisnéis ábhartha, ***lena n-áirítear aon tuarascálacha faireacháin ábhartha***, ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ go tráthúil, le linn an phróisis faoi Threoir 2011/92/AE agus faoi dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais ina bhfuil forálacha a bhaineann le measúnachtaí timpeallachta le haghaidh gníomhaíochtaí beartaithe agus áiritheoidh siad go ndéanfar faireachán ar an ngníomhaíocht ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le ceanglais na Treorach sin agus na reachtaíochta náisiúnta. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Más rud é go bhféadfadh éifeacht níos mó ná mionéifeacht nó éifeacht neamhbhuan a bheith ag gníomhaíocht bheartaithe ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, nó más rud é nach eol éifeachtaí na gníomhaíochta nó nach dtuigtear go maith iad, déanfaidh an Ballstát a bhfuil an ghníomhaíocht faoina dhlínse nó faoina rialú scagadh lena chinneadh an bhféadfadh an ghníomhaíocht a bheith ina cúis le truailliú substaintiúil na muirthimpeallachta nó le hathruithe suntasacha díobhálacha uirthi agus, dá bhrí sin, cuirfidh an Ballstát faoi réir measúnú í. | 1. Más rud é go bhféadfadh éifeacht níos mó ná mionéifeacht nó éifeacht neamhbhuan a bheith ag gníomhaíocht bheartaithe ar an muirthimpeallacht i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, nó más rud é nach eol éifeachtaí na gníomhaíochta nó nach dtuigtear go maith iad, déanfaidh an Ballstát a bhfuil an ghníomhaíocht faoina dhlínse nó faoina rialú scagadh lena chinneadh an bhféadfadh an ghníomhaíocht a bheith ina cúis le truailliú substaintiúil na muirthimpeallachta nó le hathruithe suntasacha díobhálacha uirthi, ***agus prionsabal an réamhchúraim á chur san áireamh, i gcás ina bhfuil éiginnteacht eolaíoch ann agus***, dá bhrí sin, cuirfidh an Ballstát faoi réir measúnú í, ***mura gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 8 (6)***. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ja) i gcás inarb ábhartha, tuairisc ar aon tionchar gaolmhar atá ag an ngníomhaíocht bheartaithe, amhail tionchair eacnamaíocha, shóisialta, chultúrtha agus tionchair ar shláinte an duine, lena n-áirítear éifeachtaí ar shlándáil*** |

***bia, ar fhostaíocht, agus ar gheilleagair réigiúnacha, i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 35 de Chomhaontú BBNJ.***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 10 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Chun*** an iomláine agus cáilíocht na dtuarascálacha ar an measúnacht tionchair timpeallachta a áirithiú, áiritheoidh na Ballstáit gurb iad na saineolaithe inniúla a ullmhóidh na tuarascálacha agus go mbeidh ***saineolas leordhóthanach*** ag na húdaráis inniúla, nó go mbeidh rochtain acu air de réir mar is gá, chun na tuarascálacha sin a scrúdú. | 5. Chun iomláine agus cáilíocht ***na*** dtuarascálacha ar mheasúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a áirithiú, áiritheoidh na Ballstáit gurb iad na saineolaithe inniúla ***agus neamhspleácha*** a ullmhóidh na tuarascálacha agus ***ceanglóidh siad ar na saineolaithe sin aon choinbhleacht leasa a nochtadh i ndáil lena ról agus lena bhfreagrachtaí. Áiritheoidh na Ballstáit go*** mbeidh ***saineolas leordhóthanach*** ag na húdaráis inniúla, nó go mbeidh rochtain acu ***air*** de réir mar is gá, chun na tuarascálacha sin a scrúdú. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú i gcás, agus bearta maolaithe nó bainistíochta á gcur san áireamh, ina mbeidh cinntiúchán déanta | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú i gcás, agus bearta maolaithe nó bainistíochta á gcur san áireamh, ina mbeidh cinntiúchán déanta |

| | |
|---|---|
| acu go ndearnadh gach iarracht réasúnta chun a áirithiú gur féidir an ghníomhaíocht bheartaithe a dhéanamh ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le ***cosc na ndrochthionchar*** shuntasach ***ar*** an muirthimpeallacht. | acu go ndearnadh gach iarracht réasúnta chun a áirithiú gur féidir an ghníomhaíocht bheartaithe a dhéanamh ar bhealach a bheidh comhsheasmhach le cosc ***an truaillithe shubstaintiúil nó na n-athruithe*** suntasacha ***díobhálacha ar*** an muirthimpeallacht. |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) conclúid an údaráis inniúil maidir leis na ***tionchair*** shuntasacha is dócha ***a bheidh ag an ngníomhaíocht bheartaithe ar*** an muirthimpeallacht agus na príomhchúiseanna leis an údarú; | (a) conclúid an údaráis inniúil maidir leis an ***truailliú substaintiúil nó na hathruithe*** suntasacha ***díobhálacha*** is dócha ***a bheidh ag an ngníomhaíocht bheartaithe*** ar an muirthimpeallacht agus na príomhchúiseanna leis an údarú; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina ndéanfar cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú nó gan í a údarú, áiritheoidh na Ballstáit go pras go gcuirfear an cinneadh ar fáil don phobal, lena n-áirítear trí Theach Imréitigh BBNJ agus trí rúnaíocht BBNJ. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit ar fáil na barúlacha agus na tuairimí a fuarthas le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 11 agus tuairisc ar an | 4. I gcás ina ndéanfar cinneadh gníomhaíocht bheartaithe a údarú nó gan í a údarú, áiritheoidh na Ballstáit go pras go gcuirfear an cinneadh ar fáil don phobal, lena n-áirítear trí Theach Imréitigh BBNJ agus trí rúnaíocht BBNJ. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit ar fáil ***don phobal aon choinníollacha a leagtar amach in údarú na gníomhaíochta atá beartaithe, lena n-áirítear coinníollacha a*** |

| | |
|---|---|
| gcaoi inar cuireadh na barúlacha agus na tuairimí sin san áireamh nó inar tugadh aghaidh orthu ar shlí eile. | ***bhaineann le bearta maolaithe cúiteacha agus ceanglais leantacha, agus*** na barúlacha agus na tuairimí a fuarthas le linn na gcomhairliúchán dá dtagraítear in Airteagal 11 agus tuairisc ar an gcaoi ar cuireadh na barúlacha agus na tuairimí sin i gcuntas nó ar tugadh aghaidh orthu ar bhealach eile. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 1 –an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina sainaithneoidh Ballstát, a bhfuil gníomhaíocht údaraithe faoina dhlínse nó faoina rialú, athruithe suntasacha agus díobhálacha ar an muirthimpeallacht nár tuaradh sa mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, ó thaobh cineáil nó déine de, nó athruithe a eascraíonn as sárú ar aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 12(2)(b) nó i gcás ina gcuirfidh páirtí i gComhaontú BBNJ nó Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil BBNJ aon ábhar imní nó moladh in iúl, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann athbhreithniú ar a chinneadh. Chuige sin, déanfaidh sé an méid seo a leanas: | I gcás ina sainaithneoidh Ballstát, a bhfuil gníomhaíocht údaraithe faoina dhlínse nó faoina rialú, ***truaillliú substaintiúil nó*** athruithe suntasacha agus díobhálacha ar an muirthimpeallacht nár tuaradh sa mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol, ó thaobh cineáil nó déine de, nó athruithe a eascraíonn as sárú ar aon cheann de na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 12(2)(b) nó i gcás ina gcuirfidh páirtí i gComhaontú BBNJ nó Comhlacht Eolaíoch agus Teicniúil BBNJ aon ábhar imní nó moladh in iúl, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann athbhreithniú ar a chinneadh. Chuige sin, déanfaidh sé an méid seo a leanas: |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna cur nó arna chur ar bun le dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht shubstainteach nó dhlíthiúlacht nós imeachta na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha faoi Airteagail 8 go 13. | ***1. I gcomhréir leis an gcuspóir rannchuidiú le cur chun feidhme Choinbhinsiún Aarhus***, áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht shubstainteach nó dhlíthiúlacht nós imeachta na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha faoi Airteagail 8 go 13 ***agus 16 go 19, i gcás ina bhfuil ar a laghad ceann de na coinníollacha seo a leanas á chomhlíonadh:***<br><br>***(a) tá leas leordhóthanach acu ann;***<br><br>***(b) áitíonn siad gur sáraíodh ceart, i gcás ina gceanglaítear an sárú sin mar réamhchoinníoll le dlí nós imeachta riaracháin Ballstáit.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***1a. Cinnfidh na Ballstáit cad is leas leordhóthanach ann agus cad is sárú leordhóthanach ann ar cheart, i gcomhréir leis an gcuspóir rochtain leathan ar cheartas a*** |

***thabhairt don phobal lena mbaineann. Chuige sin, measfar gur leordhóthanach chun críoch mhír 1, pointe a, an leas atá ag aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn. Measfar freisin go bhfuil cearta ar féidir iad a shárú chun críoch mhír 1, pointe b, ag na heagraíochtaí sin.***

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Ní bheidh seasamh dlíthiúil faoi nós imeachta athbhreithnithe coinníollach ar an ról a bhí ag an mball den phobal lena mbaineann le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 14 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Cinnfidh na Ballstáit an chéim ag ar féidir agóid a dhéanamh in aghaidh na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha dá dtagraítear i mír 1.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Beidh an nós imeachta um athbhreithniú cóir, cothrom, tráthúil agus ní bheidh sé róchostasach, agus déanfar foráil ann do shásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire, i gcás inarbh iomchuí.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach Airteagal 14 – mír 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1e. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis phraiticiúil ar fáil don phobal maidir le rochtain ar na nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin agus athbhreithniú breithiúnach dá dtagraítear san Airteagal seo.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit, ar bhonn aonair nó i gcomhar le Ballstáit eile nó le Páirtithe eile i gComhaontú BBNJ, measúnuithe | ***I gcás ina ndéantar foráil i dTreoir 2001/42/CE maidir le hoibleagáid measúnacht timpeallachta straitéiseach a*** |

straitéiseacha comhshaoil a dhéanamh le haghaidh pleananna agus cláir a bhaineann le gníomhaíochtaí beartaithe faoina ndlínse nó faoina rialú atá le déanamh i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag pleananna nó cláir den sórt sin ar an muirthimpeallacht. ***I gcás ina ndéantar foráil i dTreoir 2001/42/CE maidir le hoibleagáid measúnacht timpeallachta straitéiseach a dhéanamh, comhlíonfaidh na Ballstáit forálacha na Treorach sin agus na measúnachtaí sin á ndéanamh acu.***

***dhéanamh, comhlíonfaidh na Ballstáit forálacha na Treorach sin agus na measúnachtaí sin á ndéanamh acu.***

Féadfaid,h na Ballstáit, ar bhonn aonair nó i gcomhar le Ballstáit eile nó le Páirtithe eile i gComhaontú BBNJ, measúnuithe straitéiseacha comhshaoil a dhéanamh le haghaidh pleananna agus cláir a bhaineann le gníomhaíochtaí beartaithe faoina ndlínse nó faoina rialú atá le déanamh i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta, chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag pleananna nó cláir den sórt sin ar an muirthimpeallacht.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit, is cuma má ghníomhaíonn siad ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, an dréacht de | 1. Déanfaidh na Ballstáit, is cuma má ghníomhaíonn siad ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, an dréacht de |

thogra faoi Airteagal 19 de Chomhaontú BBNJ nó de bheart éigeandála faoi Airteagal 24(3) den Chomhaontú sin a sheoladh chuig an gCoimisiún sula gcuirfear faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ é. Tar éis dó é a fháil, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit uile ar an eolas agus comhroinnfidh sé an dréacht-togra. ***Má tá*** barúlacha ***ag na*** Ballstáit ***eile, cuirfidh siad na barúlacha sin faoi bhráid*** an Choimisiúin laistigh de 30 lá ón dáta a fhaightear an dréacht-togra nó níos luaithe má tá údar leis mar gheall ar an mbeart éigeandála. Na barúlacha a gheofar, seolfaidh an Coimisiún ar aghaidh chuig na Ballstáit eile iad.

thogra faoi Airteagal 19 de Chomhaontú BBNJ nó de bheart éigeandála faoi Airteagal 24(3) den Chomhaontú sin a sheoladh chuig an gCoimisiún sula gcuirfear faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ é. Tar éis dó é a fháil, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit uile ar an eolas agus comhroinnfidh sé an dréacht-togra ***gan mhoill***. ***Féadfaidh*** Ballstáit na barúlacha ***ar an dréacht-togra nó ar na bearta éigeandála a chur faoi bhráid*** an Choimisiúin laistigh de 30 lá ón dáta a fhaightear an dréacht-togra nó níos luaithe má tá údar leis mar gheall ar an mbeart éigeandála. Na barúlacha a gheofar, seolfaidh an Coimisiún ar aghaidh chuig na Ballstáit eile iad.

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Tíolacfaidh an Coimisiún réamh-mheasúnú ar an dréacht-togra nó ar na dréachtbhearta éigeandála a fhaightear faoi mhír 1 sula dtíolacfaidh na Ballstáit aon togra nó dréacht do Rúnaíocht BBNJ. Is é is aidhm don réamh-mheasúnú cuidiú lena chinneadh cibé acu ba cheart nó nár cheart an togra nó an beart éigeandála a thíolacadh thar ceann an Aontais, nó thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tíolacfaidh an Coimisiún ***réamh-mheasúnú*** i dtaobh cibé acu ba cheart nó nár cheart don Choimisiún an dréacht-togra nó an dréachtbheart éigeandála a fhaightear faoi mhír 1 a thíolacadh do Rúnaíocht BBNJ thar ceann an Aontais. ***Go dtí go ndéanfar réamh-mheasúnú den sórt sin, agus má chinntear leis an réamh***-mheasúnú ***gur cheart an tíolacadh a*** dhéanamh ***thar ceann an Aontais, staonfaidh na*** Ballstáit ***ón togra nó ón mbeart éigeandála dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh do Rúnaíocht BBNJ.*** | 3. ***Scrúdóidh*** an Coimisiún ***an dréacht-togra nó an dréachtbheart éigeandála agus na barúlacha a fuarthas faoi mhír 1 agus*** tíolacfaidh sé, ***laistigh de 30 lá ón sprioc-am,*** measúnú ***dlíthiúil ar*** cheart don Choimisiún, thar ceann an Aontais, an dréacht-togra nó an dréachtbheart éigeandála a fuarthas faoin mír ***sin*** a chur faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ. ***Cuirfear*** an measúnú ***dlíthiúil ar fáil do na*** Ballstáit ***uile***. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún ina mheasúnú dlíthiúil gur cheart dréacht-togra nó dréachtbheart éigeandála a thíolacadh thar ceann an Aontais nó thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh leis an tíolacadh chuig Rúnaíocht BBNJ, i gcás inarb ábhartha, in éineacht leis na Ballstáit.*** |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún ina mheasúnú dlíthiúil nár cheart dréacht-togra ná dréachtbheart éigeandála a thíolacadh thar ceann an Aontais, féadfaidh an Ballstát nó an grúpa Ballstát a sheol an dréacht dul ar aghaidh leis an tíolacadh chuig Rúnaíocht BBNJ thar a gceann féin.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Gan dochar do mhíreanna 1 go 3b den Airteagal seo, féadfaidh Ballstát nó grúpa Ballstát togra le haghaidh beart éigeandála a chur faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ go díreach faoi Airteagal 24(3) de Chomhaontú BBNJ. Cuirfidh an Ballstát nó an grúpa Ballstát lena mbaineann an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas agus cuirfidh siad an togra arna thíolacadh ar fáil dóibh gan mhoill.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 16 – mír 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***3d. Féachfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún le comhoibriú go dlúth le chéile agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile go rialta, de mheon macánta, maidir le haon togra le haghaidh uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe agus bearta éigeandála a bhunú, a mheasúnú agus sula gcuirfear faoi bhráid Rúnaíocht BBNJ é.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. ***Rachfar i gcomhairle le*** páirtithe leasmhara, lena n-áirítear stáit agus comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, mar aon leis an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta, an earnáil phríobháideach, ***p***obail ***d***húchasacha agus pobail áitiúla, ***de réir mar is iomchuí, maidir le*** forbairt na dtograí dá dtagraítear sa Chaibidil seo. | 2. ***Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle, de réir mar is iomchuí, le*** páirtithe leasmhara ***ábhartha***, lena n-áirítear stáit agus comhlachtaí domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála, chomh maith leis an tsochaí shibhialta, an pobal eolaíochta, an earnáil phríobháideach, ***P***obail ***D***húchasacha agus pobail áitiúla, ***chun*** tograí a fhorbairt, mar a leagtar amach sa Chaibidil seo. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 17 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***4a. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis a bhaineann le bunú uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***1a. Féadfaidh na Ballstáit bearta níos déine a ghlacadh i dtaca lena náisiúnaigh agus lena soithí nó maidir le gníomhaíochtaí faoina ndlínse nó faoina rialú anuas ar na gníomhaíochtaí arna nglacadh faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus ar mhaithe le cuspóirí an Chomhaontaithe.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 18 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. Cuirfidh na Ballstáit chun cinn, de réir mar is iomchuí, glacadh beart faoi ionstraimí ábhartha dlí ***agus*** creataí ábhartha dlíthiúla agus sna comhlachtaí ábhartha domhanda, | 2. Déanfaidh na Ballstáit ***agus an Coimisiún***, de réir mar is iomchuí, glacadh beart a chur chun cinn, ***agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile agus inniúlachtaí á gcur san*** |

| | |
|---|---|
| réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála ***a bhfuil na Ballstáit ina gcomhaltaí díobh***, chun tacú le cur chun feidhme na gcinntí agus na moltaí ***arna ndéanamh*** ag Comhdháil na bPáirtithe faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ. | ***áireamh***, faoi ionstraimí dlíthiúla ábhartha, creataí ábhartha agus comhlachtaí ábhartha domhanda, réigiúnacha, foréigiúnacha agus earnála chun tacú le cur chun feidhme na gcinntí agus na moltaí ***arna nglacadh ag*** Comhdháil na bPáirtithe faoi Chuid III de Chomhaontú BBNJ agus chun an cur chun feidhme sin ***a éascú***. |
| **Leasú 58** | |
| **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 2 a (nua)** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| | ***2a. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis a bhaineann le cur chun feidhme uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ar fáil trí Theach Imréitigh BBNJ.*** |
| **Leasú 59** | |
| **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 2 b (nua)** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| | ***2b. Spreagfaidh na Ballstáit na tríú tíortha sin atá i dteideal a bheith ina bpáirtithe i gComhaontú BBNJ, go háirithe na Stáit sin a n-oibríonn a ngníomhaíochtaí, a soithí nó a náisiúnaigh i limistéar atá faoi réir uirlis bhainistíochta limistéarbhunaithe a bunaíodh cheana, lena n-áirítear limistéar muirí faoi chosaint,*** |

| | |
|---|---|
| | ***bearta a ghlacadh lena dtacaítear le cinntí agus moltaí Chomhdháil na bPáirtithe maidir le huirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, ar cinntí agus moltaí iad a bhunaítear faoi Chomhaontú BBNJ.*** |
| **Leasú 60** | |
| **Togra le haghaidh Treorach**<br>**Airteagal 18 – mír 2 c (nua)** | |
| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| | ***2c. Cuirfidh an Coimisiún, bunaithe ar an bhfaisnéis ó na Ballstáit, tuarascálacha débhliantúla faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa maidir leis na bearta cur chun feidhme arna nglacadh faoin Treoir seo agus maidir le forbairtí domhanda i ndáil le cur chun feidhme Chomhaontú BBNJ, lena n-áirítear faisnéis maidir le comhlíonadh, forfheidhmiú agus faireachán eolaíoch.*** |